Lucsamburg, APR 0 2 2019

TAG. :	**CDT-ACIII-2019/02**
	Cúntóir na Deisce Freastail
GRÁD:	**FG III**
ROINN:	**An Roinn Teicneolaíochta Faisnéise**
ÁIT FOSTAÍOCHTA:	**Lucsamburg**

Bunaíodh Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (an tIonad Aistriúcháin) sa bhliain 1994 chun seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil do na comhlachtaí éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh. Tá sé lonnaithe i Lucsamburg. Tá méadú suntasach tagtha ar ualach oibre an Ionaid ó bunaíodh é agus tá thart ar 200 ball foirne fostaithe ann anois.

Chun freastal ar riachtanais na Roinne Teicneolaíochta Faisnéise (TF) – Rannóg na Deisce Freastail – tá nós imeachta roghnúcháin á eagrú ag an Ionad Aistriúcháin chun liosta ionadaithe a bhunú óna n-earcófar ball foirne ar conradh mar Chúntóir na Deisce Freastail.

Is é an misean a áirithiú, i gcomhar le baill den roinn TF, feidhmeanna tacaíochta TF agus iarratais ar sheirbhís a chur i gcrích ar mhaithe le húsáideoirí inmheánacha agus seachtracha (cliaint/soláthróirí) an Ionaid Aistriúcháin.

Tá ardán ríomhaireachta cliant (stáisiúin oibre) an Ionaid Aistriúcháin bunaithe ar chóras oibriúcháin Windows 10, sraith Microsoft Office 2016, teachtaireachtaí Lotus Notes, agus feidhmchláir ghnó a forbraíodh go hinmheánach.

CINEÁL NA GCÚRAIMÍ

a) Cabhrú leis an mbainisteoir líne: ag cabhrú le Ceann Rannóg na Deisce Freastail i mbainistíocht laethúil na seirbhíse; feabhsúcháin a mholadh ar gach réimse atá faoi bhainistíocht; doiciméid riaracháin a chomhordú agus a thabhairt cothrom le dáta agus cur le timpeallacht oibre dhearfach agus le caidreamh muiníne, d'fhonn feabhas leanúnach a chur chun cinn ar cháilíocht an oibrithe seirbhíse agus ar éifeachtúlacht na bainisteora líne.

b) Gníomhaíochtaí bainistithe agus monatóireachta: gníomhaíochtaí na Rannóige a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

- Tacaíocht d'úsáideoirí:

  - **Teagmhais úsáideoirí** a bhaineann le fearas agus bogearraí atá á n-úsáid san lonad a mhonatóiriú (tacaíocht 1ú leibhéal do gach réimse; tacaíocht 2ú leibhéal do chóras oibriúcháin na gcliant agus do bhogearraí caighdeánacha na gcóras oifige), d'fhonn cabhrú le tacaíocht ardchaighdeáin don úsáideoir a áirithiú; mionfhadhbanna aonuaire a aithint ó fhadhbanna móra lena gceanglaítear faisnéis a thabhairt do pháirtithe leasmhara eile (foireann na Deisce Freastail um Thacaíocht Chóras na gCliant nó an fhoireann i rannóga eile) d'fhonn rannchuidiú le timpeallacht a bhunú agus a chothabháil a sholáthraíonn ailtireacht ríomhaireachta chomhsheasmhach ardfheidhmíochta.
  - **Iarratais ar sheirbhísí** a cuireadh i logleabhar na Deisce Freastail a chomhlíonadh: fearas na gcliant a chur i bhfeidhm agus a athshuí (stáisiúin oibre agus forimeallaigh), réitigh shuiteála agus chothabhála bhogearraí uathoibrithe a chur i bhfeidhm, cabhair theicniúil le linn físchomhdhálacha, fearas teilea-oibre ó am go chéile a ullmhú, etc. d'fhonn rannchuidiú le bainistiú éifeachtúil thimpeallacht chliant TF an lonaid.

- Teipeanna crua-earraí a rianú: monatóireacht a dhéanamh ar **theipeanna crua-earraí** ar fhearas na gcliant éagsúil d'fhonn cabhrú le crua-earraí ardfheidhmíochta a áirithiú d'úsáideoirí.
- Doiciméadú agus oiliúint: **doiciméadú teicniúil** a fhorbairt, **lámhleabhair d'úsáideoirí** a dhréachtú agus **oiliúint** ar thimpeallacht TF an lonaid Aistriúcháin a chur ar fáil, go príomha d'úsáideoirí nua agus do theilea-oibrithe.

c) Gníomhaíochtaí tacaíochta eile: feidhmeanna éagsúla a chur i gcrích, amhail táirgí a fháil agus a sheiceáil de réir na riachtanas a chuir an tIonad in iúl; nósanna imeachta a mholadh agus na nósanna imeachta a sainaithníodh sa Rannóg cheana féin a fhorbairt agus a chur chun feidhme; na hidirghabhálacha riachtanacha a chur i gcrích ar bhonn na gcritéar a comhaontaíodh nó a bunaíodh; cumarsáid a éascú idir na rannóga éagsúla; dul i dteagmháil le cliaint, le soláthraithe agus le comhpháirtithe seachtracha.

1. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

Le bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, ní mór don iarratasóir na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh faoin ..MAY..0.6..2019..... ..., an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach:

a) CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

- a bheith ina náisiúnach de chuid Ballstáit den Aontas Eorpach;
- Cáilíochtaí:
  - iar-mheánoideachas arna fhianú ag dioplóma,
    nó
  - meánoideachas arna fhianú ag dioplóma lena dtugtar rochtain ar iar-mheánoideachas agus taithí ghairmiúil chuí trí bliana ar a laghad;

- Scileanna teanga: eolas críochnúil ar cheann amháin de theangacha an Aontais agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile an Aontais, sa mhéid is gá chun na dualgais atá i gceist a chomhlíonadh.

b) SCILEANNA TEICNIÚLA RIACHTANACHA

- Ní mór d'iarrthóirí, tar éis dóibh na cáilíochtaí agus an taithí oibre dá dtagraítear thuas a bhaint amach, taithí oibre trí bliana ar a laghad a bheith gnóthaithe acu, agus dhá bhliain ar a laghad de na trí bliana sin a bheith gnóthaithe acu i réimse na tacaíochta TF d'úsáideoirí;
- Eolas an-mhaith ar réitigh agus uirlisí Microsoft (Windows 10, Suite Office);
- Eolas an-mhaith ar fhearas TF éagsúil na gcliant (ríomhairí pearsanta, thin clients, ríomhairí glúine, fóin IP, printéirí pearsanta agus ilfheidhmeacha, etc.); eolas maith ar chumraíocht na bhfearas sin;
- Eolas maith ar uirlis TF um theagmhas seirbhíse agus um bainistiú iarratas;
- Eolas maith ar uirlisí CAT (Aistriúchán Ríomhchuidithe) - SDL Studio, nó comhchosúil;
- Eolas maith ar Sharepoint;
- Eolas maith ar uirlisí agus teicneolaíochtaí físchomhdhála;
- Eolas maith ar uirlisí agus teicneolaíochtaí a bhaineann le teilea-obair;
- Taithí ar uirlis um bainistiú stáisiún oibre a úsáid (Microsoft System Center Configuration Manager, nó comhchosúil);
- Taithí dhomhain ar dhoiciméid theicniúla agus ar dhoiciméid úsáideoirí a dhréachtú;
- Eolas an-mhaith ar Fhraincis nó ar Bhéarla [leibhéal C1] agus eolas sásúil ar Fhraincis nó ar Bhéarla [leibhéal A2].

c) SCILEANNA TEICNIÚLA INMHIANAITHE

- Deimhniú Bunúsach ITIL V3;
- Eolas sásúil ar thríú teanga oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

d) SCILEANNA NEAMHTHEICNIÚLA RIACHTANACHA

- Scileanna idirphearsanta: an cumas a bheith ag obair i bhfoireann, sásta le cumarsáid a dhéanamh ag gach leibhéal (go hinmheánach agus go seachtrach), an cumas a bheith ag obair i dtimpeallacht ilteangach;
- Braistint freagrachta: discréid, rúndacht, cruinneas, infhaighteacht, éifeachtúlacht agus poncúlacht;
- Scileanna eagrúcháin: an cumas tascanna éagsúla a bhainistiú agus tosaíochtaí a leagan amach, cur chuige modheolaíoch, tionscnamh a ghlacadh, agus a bheith ilchumasach;
- Inoiriúnaitheacht: an cumas cabhrú le daoine eile agus oibriú faoi bhrú, an cumas foghlaim agus oiriúnú d'fhorbairtí nua sa timpeallacht TF.

Déanfar na scileanna sin a mheasúnú sa triail scríofa agus san agallamh [féach pointe 2(b)(i) agus (ii) thíos].

2. AN NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

a) AN CHÉIM RÉAMHROGHNÚCHÁIN

Déanfar an chéim réamhroghnúcháin ina dá chuid:

- Beidh an chéad chuid bunaithe ar na critéir incháilitheachta thuasluaite [pointe 1(a)] agus is é an aidhm atá léi a dhearbhú cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir incháilitheachta riachtanacha go léir agus na ceanglais fhoirmiúla go léir atá leagtha síos sa nós imeachta iarratais. Diúltófar d'iarratasóirí nach gcomhlíonann na riachtanais sin.
- Cuirfear taithí ghairmiúil agus gnéithe eile atá luaite i bpointe 1(b) ('Scileanna teicniúla riachtanacha') san áireamh sa dara cuid. Déanfar an chuid seo a mharcáil ar scála ó 0 go 20 (pasmharc: 10).

Tabharfaidh an Coiste Roghnóireachta cuireadh do na 15 iarratasóirí a n-éiríonn leo sa chéim réamhroghnúcháin agus a ghnóthaíonn na marcanna is airde chun tabhairt faoi thriail scríofa agus chun dul faoi agallamh.

b) AN CHÉIM ROGHNÚCHÁIN

Déanfar an chéim roghnúcháin de réir an nós imeachta a ndéantar cur síos air thíos. Cuirfear an chéim seo i gcrích ina dhá cuid:

(i) Triail scríofa (i mBéarla nó i bhFraincis) ina mbeidh na nithe seo a leanas:
- Triail ceisteanna ilroghnacha (16 cheist) chun measúnú a dhéanamh ar eolas na n-iarratasóirí ar na réimsí atá luaite i bpointe 1(b).
  An t-am a cheadaítear: 30 nóiméad
- Cás-staidéar chun measúnú a dhéanamh ar scileanna scríbhneoireachta, scileanna anailíseacha agus eolas na n-iarrthóirí ar na réimsí a luaitear i bpointe 1.b.
  An t-am a cheadaítear: 1 uair 30 nóiméad

Déanfar an triail scríofa a mharcáil as 20 marc: Bronnfar 8 bpointe as an triail ceisteanna ilroghnacha agus bronnfar 12 phointe as an gcás-staidéar. Is ionann an pasmharc comhiomlán agus 12 phointe.

Féadfaidh na hiarratasóirí an triail scríofa a dhéanamh i mBéarla nó i bhFraincis. Tabhair do d'aire le do thoil nach mór d'iarrthóirí a bhfuil Fraincis mar phríomhtheanga acu an scrúdú scríofa a dhéanamh i mBéarla agus dóibh siúd a bhfuil Béarla mar phríomhtheanga acu Fraincis a roghnú.

(ii) Agallamh leis an gCoiste Roghnóireachta chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht an iarratasóra chun na cúraimí atá sonraithe thuas a chur i gcrích. Ina theannta sin, déanfar measúnú san agallamh ar shaineolas agus scileanna na n-iarratasóirí sna réimsí a luaitear i bpointí 1(b), 1(c) agus 1(d).
Déanfar an t-agallamh ar an lá a dhéantar an triail scríofa nó ar an lá ina dhiaidh sin.
Fad an agallaimh: thart ar 40 nóiméad.
Déanfar an t-agallamh a mharcáil as 20 marc (pasmharc: 12)

Déanfar an triail scríofa agus an t-agallamh i Lucsamburg.

A luaithe is atá an triail scríofa agus an t-agallamh marcáilte, dréachtóidh an Coiste Roghnóireachta liosta ionadaithe a chuimseoidh na hiarratasóirí rathúla in ord aibítre. Is iad na

hiarratasóirí rathúla na hiarratasóirí sin a ghnóthaíonn an pasmharc comhiomlán íosta atá ag teastáil sa triail scríofa mar aon leis an bpasmharc íosta atá ag teastáil san agallamh (féach pointí (i) agus (ii)). Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire nach ionann cur san áireamh ar liosta ionadaithe agus ráthaíocht earcaíochta.

Maidir leis na hiarratasóirí sin a dtugtar cuireadh dóibh na trialacha a dhéanamh, ní mór dóibh na doiciméid tacaíochta ábhartha a chomhfhreagraíonn don fhaisnéis a cuireadh ar an bhfoirm iarratais a sholáthar ar lá an agallaimh. Áirítear leis na doiciméid sin cóipeanna de dhioplómaí, teastais agus doiciméid tacaíochta eile ina gcruthaítear a gcáilíochtaí agus a dtaithí ghairmiúil agus ina dtaispeántar go soiléir dátaí tosaigh agus dátaí deiridh, an post agus cineál beacht a ndualgas, etc.

Mar sin féin, sula bhféadfar conradh a thabhairt i gcrích, beidh ar na hiarratasóirí roghnaithe na bunchóipeanna agus cóipeanna deimhnithe de gach doiciméad ábhartha ina gcruthaítear critéir incháilitheachta a chur ar fáil.

Beidh an liosta ionadaithe bailí go ceann 12 mhí ó dháta a bhunaithe agus féadfar an tréimhse sin a shíneadh faoi rogha Údarás an Ionaid Aistriúcháin atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích.

3. EARCAÍOCHT

Ag brath ar an staid bhuiséadach, d'fhéadfaí conradh trí bliana (a bhféadfar é a athnuachan) a thairiscint don iarratasóir rathúil de réir Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh. Faoi réir leibhéal rúndachta na hoibre a dhéanfar, d'fhéadfadh go gcuirfí ceangal ar an iarratasóir rathúil iarratas ar imréiteach slándála a dhéanamh.

Is san Fheidhmghrúpa III a dhéanfar an t-iarratasóir rathúil a earcú. Is ionann an buntuarastal míosúil do ghrád 8 (céim 1) agus EUR 2 704,38. Mar aon leis an tuarastal bunúsach, d'fhéadfadh baill foirne a bheith i dteideal liúntas éagsúil, mar shampla liúntas teaghlaigh, liúntas easaoránachta (16% den bhuntuarastal), etc.

Lena chois sin, le bheith incháilithe agus sula gceapfar é/í, ní mór don iarratasóir roghnaithe:

- aon oibleagáidí a fhorchuirtear air/uirthi leis an dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- na riachtanais charachtair le haghaidh na gcúraimí atá i gceist a chomhlíonadh (cearta iomlána mar shaoránach a bheith aige/aici)[1];
- dul faoi scrúdú dochtúra arna eagrú ag an Ionad Aistriúcháin chun ceanglais Airteagal 28(e) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh.

4. AN NÓS IMEACHTA IARRATAIS :

Ní mór d'iarratasóirí ar spéis leo an post seo a n-iarratas ar líne a chomhlánú sula rachaidh an dáta deiridh in éag.

[1] Ní mór d'iarratasóirí deimhniú oifigiúil a chur ar fáil ina ndearbhaítear nach bhfuil taifead coiriúil acu.

Moltar go mór d'iarratasóirí gan fanacht go dtí na laethanta deiridh chun iarratas a dhéanamh. Tarlaíonn sé in amanna gur rólódáilte atá an córas sna laethanta roimh an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ann iarratas a dhéanamh faoin spriocdháta.

COMHDHEISEANNA

Is fostóir comhdheiseanna é an tIonad Aistriúcháin, a ghlacann le hiarratais gan aon idirdhealú atá bunaithe ar aois, cine, tuairim dhaingean pholaitiúil, fhealsúnachta nó chreidimh, inscne nó claonadh gnéasach agus beag beann ar mhíchumas, stádas pósta nó stádas teaghlaigh.

NEAMHSPLEÁCHAS AGUS DEARBHÚ LEASA

Ceanglófar ar an sealbhóir poist dearbhú a thabhairt ar an tiomantas atá aige/aici do ghníomhú go neamhspleách le leas an phobail agus dearbhú a thabhairt maidir le haon leasanna atá aige/aici a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas.

5. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

ATHBHREITHNIÚ – ACHOMHARC – GEARÁIN

I gcás iarratasóirí atá den tuairim go bhfuil forais acu le gearán a dhéanamh faoi chinneadh ar leith, féadfaidh siad, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin, iarraidh ar Chathaoirleach an Choiste Roghnóireachta tuilleadh sonraí a thabhairt dó/di faoin gcinneadh sin, nós imeachta achomhairc a thionscnamh nó gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh (féach Iarscríbhinn 1).

IARRATAIS Ó IARRATASÓIRÍ AR ROCHTAIN A FHÁIL AR FHAISNÉIS A BHAINEANN LEO

Tá an ceart sonrach ag iarratasóirí atá páirteach i nós imeachta roghnúcháin rochtain a fháil ar fhaisnéis áirithe a bhaineann leo go díreach agus go leithleach. D'fhéadfaí faisnéis bhreise a bhaineann lena rannpháirtíocht sa nós imeachta roghnúcháin a sholáthar d'iarratasóirí a dhéanann an iarraidh sin. Ní mór d'iarratasóirí iarratais den chineál sin a sheoladh i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Choiste Roghnóireachta laistigh de mhí amháin ó cuireadh a gcuid torthaí sa nós imeachta roghnúcháin in iúl dóibh. Seolfar an freagra laistigh de mhí amháin. Déileálfar le hiarrataí agus aird á tabhairt ar an rúndacht a bhaineann le himeachtaí an Choiste Roghnóireachta faoi na Rialacháin Foirne.

SONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

Mar an comhlacht atá freagrach as an nós imeachta roghnúcháin a eagrú, áiritheoidh an tIonad Aistriúcháin go ndéanfar sonraí pearsanta na n-iarratasóirí a phróiseáil go hiomlán de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus i dtaca le saorghluaiseacht sonraí den chineál sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1247/2002/CE. Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

Tá sé de cheart ag iarrthóirí dul i muinín an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (edps@edps.europa.eu) am ar bith.

Féach le do thoil an fógra príobháideachais sainiúil.

IARSCRÍBHINN 1 ***IARRATAS AR ATHBHREITHNIÚ – NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC – GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH***

Ós rud é go bhfuil feidhm ag na Rialacháin Foirne maidir le nósanna imeachta roghnúcháin, tabhair do d'aire go bhfuil na himeachtaí uile faoi rún. Más rud é ag aon chéim den nós imeachta roghnúcháin seo go measann iarratasóirí go raibh dochar déanta dá gcuid leasanna ag cinneadh ar leith, féadfaidh siad an gníomh seo a leanas a dhéanamh:

I. IARRATAIS AR THUILLEADH FAISNÉISE NÓ AR ATHBHREITHNIÚ

- Litir ina n-iarrtar tuilleadh faisnéise nó athbhreithniú agus ina leagtar a n-argóint amach a sheoladh chuig:

  Faoi bhráid: Cathaoirleach an Choiste Roghnóireachta CDT-ACIII-2019/02

  Oifig 3076
  An tIonad Aistriúcháin
  12E, rue Guillaume Kroll
  L-1882 Lucsamburg

  laistigh de 10 lá féilire ón dáta a seoladh an litir ina gcuireadh an cinneadh in iúl dóibh. Seolfaidh an Coiste Roghnóireachta freagra a luaithe is féidir.

II. NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC

- Féadfar gearán a dhéanamh faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, ag an seoladh seo a leanas:

  An tÚdarás atá Cumhachtaithe chun Conarthaí Fostaíochta a Thabhairt i gCrích (Tag.: CDT-ACIII-2019/02)

  Oifig 3076
  An tIonad Aistriúcháin
  12E, rue Guillaume Kroll
  L-1882 Lucsamburg

  Na teorainneacha ama chun an dá chineál seo de nós imeachta a thionscnamh (féach na Rialacháin Foirne arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 287 an 29.10.2013, lch. 15) - http://eur-lex.europa.eu/oj/direct-access.html?locale=fr], tosaíonn siad ón uair a thugtar fógra don iarratasóir faoin ngníomh a líomhnaítear go ndearna sé dochar dá leasanna.

  Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil sé de chumhacht ag an Údarás atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích aon chinneadh ón gCoiste Roghnóireachta a leasú. Tá Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go seasmhach den tuairim nach bhfuil rogha leathan na gCoistí Roghnóireachta faoi réir athbhreithnithe ag an gCúirt, ach amháin sa chás gur sáraíodh go soiléir na rialacha lena rialaítear imeachtaí na gCoistí Roghnóireachta.

III. GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

- Féadfaidh iarratasóirí gearán a dhéanamh leis an duine seo a leanas:

  An tOmbudsman Eorpach
  1, avenue du Président Robert Schuman – BP 403
  F-67001 Strasbourg Cedex

  de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus de réir na gcoinníollacha a leagtar síos i gCinneadh 94/262/ECSC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (IO L 113, 4.5.1994, lch. 15).

Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse a leagtar síos in Airteagail 90(2) agus 91 de na Rialacháin Foirne maidir le gearán a dhéanamh le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ná maidir le hachomhairc a chur faoi bhráid an Bhinse sin faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tabhair do d'aire freisin le do thoil nach mór go ndearnadh na cineálacha cur chuige cuí leis na hinstitiúidí agus na comhlachtaí lena mbaineann sula ndéantar gearán ar bith leis an Ombudsman de réir Airteagal 2(4) de Chinneadh 94/262/ECSC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman.